
An Banc Eorpach Infheistíochta
Banc an AE



# An BEI in Éirinn in 2013

In 2013, mhéadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta a chuid gníomhaíochta um iasachtú in Éirinn de níos mó ná an tríú chuid, agus sholáthair sé EUR 680m in iasachtaí fadtéarma, ísealchostais chun tacú le hinfheistíocht sa phríomh-bhonneagar agus san earnáil phríobháideach ar fud na tíre. Agus aitheantas á thabhairt aici don tábhacht a bhí lena chinntiú go ndearnadh infheistíocht riachtanach i rith bliana a bhí dúshlánach ó thaobh an gheilleagair, thacaigh institiúid iasachta fadtéarmaí na hEorpa le hinfheistíocht shuntasach i scoileanna agus san ardoideachas, san fhuinneamh, san iompar, sa teileachumarsáid agus i ngnóthais bheaga in Éirinn. Ag féachaint romhainn, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag súil le hinfheistíocht i dtionscadail ríthábhachtacha a threisiú agus an t-iasachtú a éagsúlú i leith earnálacha nua ar riachtanach iad i gcomhair fás geilleagrach inbhuanaithe agus cruthú post d'Éirinn.

**Iasachtaí ó BEI de réir earnála in Éirinn in 2013** (EUR m)




## Cuidiú le hoideachas, nuálaíocht agus taighde a fheabhsú in Éirinn

Is ríthábhachtach iad an nuálaíocht agus an t-oideachas chun iomaíochas Eorpach a chinntiú agus in 2013 threisigh an Banc Eorpach Infheistíochta a thacaíocht leanúnach maidir le scoileanna agus saoráidí ardoideachais atá ann cheana féin a uasghrádú agus cinn nua a thógáil in Éirinn.

## Éachtaí foriomlána BEI 2013

**71.7 bn** EUR Iomlán iasachtaí (suas 37%),

a raibh **64 bn** EUR de laistigh den AE (suas 41%)

**21.9 bn** EUR

Tacaíocht Ghrúpa BEI do **ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus chuideachtaí lárchaipitlithe** san Eoraip – an méid is mó riamh agus an tosaíocht beartais aonair is mó de chuid an Bhainc

Thiomnaigh an BEI níos mó ná **9.1 bn** EUR dá **chlár fostaíochta don aos óg**, lenar caomhnaíodh agus lenar cruthaíodh thart ar **50 000 post** do dhaoine óga san AE

**19 bn** EUR le haghaidh **gníomhaíocht aeráide** chun tacú le réitigh atá níos tíosaí ar acmhainní agus níos aeráid-díonaí

**17.2 bn** EUR Tacaíocht Ghrúpa BEI i ndáil le príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe agus le feidhmiú teicniúil le haghaidh Eoraip **nuálach**

**15.9 bn** chun tacú le **príomhbhonneagar straitéiseach** i réimsí an iompair agus an fhuinnimh, chomh maith le luas a chur faoi fheidhmiú an bhonneagair leathanbhanda i gcomhair idirlíon ardluais san Eoraip

**Tacaíocht leanúnach d'infheistíocht sna scoileanna**

In 2013, sholáthair an BEI EUR 100m chun tacú le 49 tionscadal scoile ar scála mór, lena n-áirítear 34 bunscoil agus 15 scoil dara leibhéal. Leis sin, soláthrófar áiteanna scoile breise agus cuirfear feabhas ar shaoráidí oideachais ar fud na tíre, agus bainfidh thart ar 25,000 dalta tairbhe dhíreach as an infheistíocht. Beidh an tionscadal foriomlán á bhainistiú agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá an clár iasachta ar an gceathrú rannpháirtíocht shuntasach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach i scoileanna na hÉireann le trí bliana anuas, infheistíocht dar luach beagnach EUR 400m.



Bainfidh scoileanna ar fud na hÉireann leas as an tionscnamh, lena n-áirítear infheistíocht sna contaetha seo a leanas: Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Lú, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Loch Garman agus Cill Mhantáin. Tá 11 de na scoileanna a bhainfidh tairbhe as an infheistíocht sin suite i réigiúin chóineasaithe. Téann an scéim chun tairbhe dhíreach na gcuideachtaí áitiúla agus cuidíonn sí le poist san earnáil tógála a chothú i rith amanna dúshlánacha.


## Athrú mórscála ó bhonn ag Ollscoil Luimnigh

Bhain plean forbartha uaillmhianach caipitil EUR 224m Ollscoil Luimnigh tairbhe freisin as iasacht EUR 100m ón BEI. Cuimsítear leis an gclár 12 thionscadal infheistíochta caipitil san iomlán, lena gclúdaítear taighde agus forbairt, tacaíocht do mhic léinn agus teagasc, spóirt agus forbairt saoráidí. Beidh an fhorbairt ar siúl ar an gcampas thuaidh agus an gcampas theas agus áirítear léi tógáil foirgnimh nua um Thaighde Oideachais Chliniciúil ar shuíomh Ospidéal Ollscoile Luimnigh, agus forbairt ar Champas i Lár na Cathrach lena n-áirítear árais mhac léinn agus foirgneamh acadúil i Lár Chathair Luimnigh. Cruthófar 1000 post nua san iomlán thar thréimhse an chláir.

Trí leathnú a dhéanamh ar shaoráidí taighde agus acadúla Ollscoil Luimnigh, chomh maith le leabharlann nua agus saoráidí do mhic léinn, déanfar athrú ó bhonn ar oideachas agus ar shaol na mac léinn do ghlúine na todhchaí. Leis an gcampas nua i Lár na Cathrach, soláthrófar freisin borradh eacnamaíoch agus cóiríocht chónaithe nua i Luimneach.



**Sínithe in Éirinn 2009-2013** (in EUR m)




## Sracfhéachaint ar an BEI

**Is é an BEI institiúid iasachta fadtéarmaí an AE agus tá sé faoi úinéireacht Bhallstáit an AE. Cuireann sé airgeadas fadtéarmach ar fáil le haghaidh infheistíochta fónta, a chuireann le fás, poist, cóineasú réigiúnach agus gníomhaíocht aeráide san Eoraip agus níos faide anonn.**

**D'fhonn fás agus cruthú post a uasmhéadú, díríonn an BEI ar cheithre réimse tosaíochta: nuálaíocht agus scileanna, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, gníomhaíocht aeráide agus bonneagar straitéiseach ar fud an AE.**

**Agus níos mó ná an ceathrú cuid d'iomlán a chuid iasachtaí in 2013 - i.e. EUR 18.5bn (EUR 21.9bn lena n-áirítear an Ciste Eorpach Infheistíochta) – thug an BEI rochtain ar airgeadas do mhicreachuideachtaí, do chuideachtaí beaga, do chuideachtaí meánmhéide agus do chuideachtaí lárchaipitlithe, trína soláthraítear thart ar 66% de na poist san Eoraip.**

**Faoi chlár BEI um an ógfhostaíocht, 'Scileanna agus Poist – ag Infheistiú san Aos Óg', tugtar aghaidh ar an mbearna scileanna a bhaineann le poist agus cothaítear earcú na ndaoine óga i ngnóthais bheaga agus mheánmhéide. In 2013, thiomnaigh an BEI níos mó ná EUR 9bn don chlár sin, go maith os cionn a sprioc de EUR 6bn.**

## Tacaíocht d'infheistíocht straitéiseach

**Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce de chuid na hÉireann**

Tá EUR 200m á sholáthar ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le feabhsúcháin ar Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce in Éirinn, trí 23 tionscadal a mhaoiniú i mBaile Átha Cliath agus i 10 gcontae ar fud na tíre chun príomhphíobáin nua uisce, saoráidí cóireála uisce agus fuíolluisce agus taiscumair a sholáthar, chomh maith le bearta chun caomhnú uisce a fheabhsú. Feabhsófar cóireáil fuíolluisce trí shé ghléasra cóireála nua i gCill Dara, i dTiobraid Árann Thuaidh, i gCiarraí, i nGaillimh agus i Ros Comáin.

Leis an infheistíocht tríd an scéim, dírítear go háirithe ar dhul i ngleic le rioscaí i leith shláinte an phobail trí fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar sholáthar uisce óil, agus, ag an am céanna, cinnteofar le trí scéim áitiúla go mbeidh an soláthar uisce óil sábháilte agus déanfar 28km de phríomhlíonra uisce nua a leagan i gCill Dara agus 13km sa Longfort. Trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar uisce na hÉireann, cuirfear tuilleadh feabhais ar chaomhnú uisce agus laghdófar an baol truaillithe.

Aithníonn an Banc Eorpach Infheistíochta na dúshláin mhóra agus an infheistíocht a bhfuil gá léi san earnáil agus tá sé sásta gur sholáthair sé an chéad tacaíocht nua de chuid an BEI d'infheistíocht i mbonneagar uisce in Éirinn le breis is deich mbliana anuas. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag soláthar iasacht 25 bliain, lena gcumasófar cur i bhfeidhm níos tapúla ar an gclár infheistíochta.

### Tacaíocht do naisc nua iompair chun an brú tráchta a laghdú: Bóthar an N7 / N11




Bhí ról ríthábhachtach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir le tacú le naisc nua agus aithníonn sé an poitéinseal i ndáil le borradh a chur faoi fhás geilleagrach in Éirinn trí fheabhas a chur ar naisc iompair.

Ina cháil mar an chéad tionscadal CPP iompair in Éirinn le blianta beaga anuas, is amhlaidh gur pointe casaidh é seo maidir le maoiniú a dhéanamh ar infheistíocht ríthábhachtach i mbóithre na hÉireann. Bhí bóthar an N7 / N11 ina chloch mhíle i dtéarnamh geilleagrach na hÉireann, mar gheall gurbh é an chéad Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí iompair a síníodh ó thosaigh an trioblóid i ngeilleagar na hÉireann in 2007, agus léiríodh leis go bhféadfadh gníomhaireachtaí iompair na hÉireann airgead príobháideach a thiomsú arís chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair ríthábhachtach.

Soláthróidh an BEI EUR 72m don tionscadal EUR 282m, faoina bhfaighfear réidh leis an tranglam ag Crois an Fhearainn Nua ar bhóthar an N7 idir Luimneach/Port Láirge/Corcaigh i mBaile Átha Cliath, agus faoina ndéanfar uasghrádú ar an N11 idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi ionas gur débhealach ceithre lána a bheidh ann. Le hUasbhealach Chrois an Fhearainn Nua, gheofar réidh leis an aon solas tráchta amháin atá fágtha idir Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus an teorainn le Tuaisceart Éireann. Téann thart ar 80,000 feithicil trí Chrois an Fhearainn Nua gach lá agus tabharfaidh toradh an tionscadail faoiseamh do chomaitéirí, chomh maith leo siúd ar thurais níos faide. Leis an uasghrádú ar an N11, cuirfear feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre ar stráice bóthair a bhfuil a fhios ag an saol mór go bhfuil sé contúirteach, agus áireofar leis freisin an chéad stáisiún seirbhíse ar líne ar an N11, i nGuaire.

Tá súil ag an BEI maoiniú le haghaidh an N17 a chomhaontú sna seachtainí atá romhainn.

## Infheistíocht i ngnóthais bheaga a spreagadh in Éirinn

Beidh an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair le AIB chun EUR 200m a sholáthar lena infheistiú ag cuideachtaí beaga agus meánmhéide ar fud na hÉireann. Tagann an tacaíocht is déanaí de chuid BEI do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide in Éirinn sna sála ar chlár iasachta roimhe seo, a bhí á bhainistiú ag AIB in 2011.

Is ionann an tionscnamh nua um ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus an rannpháirtíocht is mó riamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le gnóthais bheaga in Éirinn, agus tabharfar tacaíocht faoin tionscnamh do na mílte post ar fud raon earnálacha lena n-áirítear an gnó talmhaíochta, na seirbhísí, miondíol agus déantúsaíocht, atá araon ina mbonn le poist ríthábhachtacha agus a chuireann go mór leis an ngeilleagar. Beidh an BEI ag leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth le bainc chomhpháirtíochta in Éirinn chun feabhas a chur ar rochtain na ngnóthas beag ar mhaoiniú.

## Aghaidh a thabhairt ar riachtanais fuinnimh in Éirinn

I rith 2013, lean an Banc Eorpach Infheistíochta ag tabhairt tacaíochta go tréan d'infheistíocht san fhuinneamh in Éirinn. Le cúig bliana anuas, sholáthair an BEI EUR 1.5bn do thionscadail fuinnimh sa tír.

### Naisc tharchuir nua le fuinneamh in-athnuaite

Áiríodh leis sin tacaíocht a thabhairt do naisc nua tharchuir lena nascfar feirmeacha gaoithe in iardheisceart na hÉireann le hionaid daonra. Soláthróidh an BEI EUR 100m le haghaidh an tionscadail chun cúig fhostáisiún nua a thógáil mar aon le naisc tharchuir chun feirmeacha gaoithe a nascadh leis an eangach náisiúnta.

### Feirmeacha gaoithe nua

Tá áthas ar an mBanc Eorpach Infheistíochta tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach san fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn. Cuirfear go suntasach le giniúint fuinnimh in-athnuaite ó fheirmeacha gaoithe ar tír mór ar fud na hÉireann de bharr tacaíocht nua ón BEI do thionscadail de chuid Bhord Gáis. Is ionann an tionscnamh sin agus céim thábhachtach i ndáil le cur le fuinneamh in-athnuaite in Éirinn agus le cuidiú le húsáid bhreosla iontaise a laghdú.

Úsáideann clár Bhord Gáis acmhainn nádúrtha, atá saor in aisce agus ar ann di go flúirseach in Éirinn, agus cruthófar poist ar fud na tíre faoin gclár.

## Ag féachaint chun cinn

Sna míonna amach romhainn, tá súil ag an BEI leanúint ar aghaidh lena chuid tacaíochta láidre don infheistíocht i mbonneagar an fhuinnimh, an iompair agus an oideachais in Éirinn. Tá an BEI tiomanta do leanúint lena rannpháirtíocht fheabhsaithe in Éirinn agus d'iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun a ról in earnálacha nua a leathnú.

EUROPEAN INVESTMENT FUND

## An Ciste Eorpach Infheistíochta

**Is ionann an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) agus brainse speisialta an BEI a sholáthraíonn réitigh maoinithe riosca d'idirghabhálaithe airgeadais chun tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus chun an nuálaíocht a chothú san Eoraip. In 2013, thiomnaigh an CEI iomlán de EUR 1.46bn do chothromas i 68 ciste céime luaithe agus céim fáis, lenar tiomsaíodh EUR 7.15bn san iomlán. Ar thaobh na ráthaíochtaí, thiomnaigh sé EUR 1.84bn i 69 idirbheart, a ghníomhaigh mar chatalaíoch chun EUR 8.61bn a mhealladh in iasachtaí nua do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide. B'ionann tacaíocht an CEI do mhicreafhiontair ar fud an AE-28 agus EUR 53.8m san iomlán, agus gineadh iasachtaí ar bhfiú EUR 201.3m san iomlán iad de bharr na tacaíochta sin. San iomlán, thug an CEI tacaíocht do níos mó ná 140 000 gnóthas beag agus meánmhéide in 2013.**

**Tá an CIE ag feidhmiú in Éirinn ó 1996 i leith. In 2013, thiomnaigh sé EUR 40m cothromais, trínar tiomsaíodh EUR 100m caipitil.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais: www.eif.org/ireland.**

© EIB –02/2014 – © EIB GraphicTeam Grianghraif: Leabharlann ghrianghrafadóireachta BEI

**Le haghaidh tuilleadh eolais ar an BEI in Éirinn: www.eib.org/ireland**

**Teagmhálacha preasa:**

**Richard Willis**
(+352) 4379-82155
r.willis@eib.org

**An Rúnaíocht Preasa**
(+352) 4379-21000
(+352) 4379-61000
press@eib.org
www.eib.org/press

**Teagmhálacha ginearálta:**

**An Banc Eorpach Infheistíochta**
98-100 boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Luxembourg

**An Deasc Faisnéise**
(+352) 4379-22000
(+352) 4379-62000
info@eib.org
www.eib.org

An Banc Eorpach Infheistíochta

Banc an AE

# Iarscríbhinn:
# Liosta de na tionscadail a síníodh in 2013 in Éirinn

| Ainm an tionscadail | Earnáil | Méid sínithe (in EUR) |
|---|---|---|
| ESB NETWORK - RENEWABLE CONNECTION | Fuinneamh | 100 000 000 |
| VODAFONE MOBILE IRELAND | Teileachumarsáid | 117 619 384 |
| UNIVERSITY OF LIMERICK | Oideachas | 100 000 000 |
| IRISH SCHOOL PROGRAMME II | Oideachas | 100 000 000 |
| N11-N7 MOTORWAY PPP | Iompar | 72 155 659 |
| AIB LOAN FOR SMES & MIDCAPS | Línte creidmheasa | 100 000 000 |
| BORD GAIS ONSHORE WIND PROGRAMME | Fuinneamh | 90 000 000 |
| **Iomlán** | | **679 775 043** |

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an BEI in Éirinn: www.eib.org/ireland.

**Teagmhálacha preasa:**

**Richard Willis**
Teil: (+352) 4379-82155
Ríomhphost: r.willis@eib.org

**An Rúnaíocht Preasa**
Teil: (+352) 4379-21000
Facs: (+352) 4379-61000
Ríomhphost: press@eib.org
www.eib.org/press

**Teagmhálacha ginearálta:**

**An Banc Eorpach Infheistíochta**
98-100 boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Luxembourg

**An Deasc Faisnéise**
Teil: (+352) 4379-22000
Facs: (+352) 4379-62000
Ríomhphost: info@eib.org
www.eib.org